Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 8 Meitheamh 2020**
**(OR. en)**

**8668/20**

**SOC 400**
**EMPL 316**
**SAN 190**
**EDUC 252**
**ECOFIN 487**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | CM 2525/20 |
| Ábhar: | **Conclúidí ón gComhairle maidir le Dúshláin Dhéimeagrafacha – An Bealach Chun Cinn** |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le "Dúshláin Dhéimeagrafacha – an Bealach Chun Cinn", a formheasadh tríd an nós imeachta i scríbhinn an 8 Meitheamh 2020.

**Dúshláin Dhéimeagrafacha – An Bealach Chun Cinn**

**Conclúidí ón gComhairle**

**Agus an méid seo a leanas Á ADHMHÁIL AICI**

1. Sonraítear i gClár Oibre Straitéiseach 2019–2024 gur gá an bonn le haghaidh fás fadtéarmach inbhuanaithe agus cuimsitheach a athnuachan agus gur gá an comhtháthú san Aontas Eorpach a neartú. Chun an méid sin a dhéanamh, is gá cóineasú aníos ár ngeilleagar a bhaint amach agus aghaidh a thabhairt ar raon dúshlán difriúil, lena n-áirítear an t-athrú déimeagrafach.

2. Fónann Colún Eorpach na gCeart Sóisialta mar threoir le haghaidh torthaí éifeachtúla fostaíochta agus sóisialta a ghnóthú ar mhaithe le haistriú atá cothrom agus cóir ón taobh sóisialta de a dhéanamh i dtreo aeráidneodrachta, digitiú agus athrú déimeagrafach.

3. Is dúshlán domhanda, nach bhfacthas a leithéid roimhe, é ráig agus leathadh phaindéim COVID-19, a mbeidh tionchar aige – ar bhealaí difriúla – ar na hearnálacha éagsúla dár sochaithe, dár ngeilleagair, dár margaí saothair, dár gcórais cúraim sláinte agus cúraim shóisialta, dár mbuiséid teaghlaigh agus ar shaol laethúil ár saoránach, agus d'fhéadfadh go dtiocfadh dúshláin dhéimeagrafacha nua chun cinn dá bharr sin.

4. Déanann athruithe san aeráid, i dteicneolaíocht agus i ndéimeagrafaíocht difear dár sochaithe agus dár modh maireachtála agus athraíonn siad iad ó bhonn[1]. Toisc go bhfuil caipiteal daonna agus réitigh nuálacha nua ag teastáil chun forbairt inbhuanaithe agus fás eacnamaíoch cuimsitheach a bhaint amach, is gá tacú leis an athnuachan dhéimeagrafach i ngach Ballstát agus ba cheart an tosaíocht chéanna a thabhairt di ar leibhéal an Aontais agus a thugtar don aeráidneodracht agus don digitiú. Ba cheart súil a bheith againn leis an athnuachan dhéimeagrafach agus í a léiriú ar bhealach cothrománach i ngach tionscnamh a dtabharfaidh an Coimisiún faoi amach anseo.

[1] Treoirlínte polaitiúla don chéad Choimisiún Eorpach eile, 2019-2024.

5. Bíonn tionchar ag soghluaisteacht an lucht saothair laistigh den Aontas ar an athrú déimeagrafach, agus í ag maolú brúnna déimeagrafacha i réigiúin áirithe agus ag géarú ar an staid i réigiúin eile. Tá saorghluaiseacht oibrithe ar cheann de shaoirsí bunúsacha an Aontais agus ba cheart an tsaoirse sin a choinneáil mar atá. Cé gur éascaigh sí soghluaisteacht an lucht saothair laistigh den Aontas, chruthaigh an tsaorghluaiseacht chéanna feiniméin éagsúla i réigiúin dhifriúla den Aontas freisin, mar atá imirce daoine oilte, inimirce daoine oilte, filleadh daoine oilte, cúrsaíocht daoine oilte agus titim sa daonra i gcoitinne. I gcás réigiúin atá ag titim ar gcúl, tá sé tábhachtach dálaí a chruthú iontu chun iad a dhéanamh níos bríomhaire agus níos tarraingtí, rud a chuirfidh lena bhforbairt inbhuanaithe.

6. Le linn phaindéim dhomhanda COVID-19, ba cheart saorghluaiseacht oibrithe a chothabháil ina hiomláine agus, ag an am céanna, pé bearta riachtanacha a ghlacadh a bhfuil mar aidhm leo cosc a chur le leathadh an víris agus sláinte oibrithe leochaileacha a chosaint.

7. De réir na réamh-mheastachán, tiocfaidh laghdú 8.2% (thart ar 19 milliún duine) ar fhórsa saothair na hEorpa (daoine idir 20 bliain d'aois agus 64 bliana d'aois) idir na blianta 2023 agus 2060. Beifear ag súil go n-íocfaidh an daonra laghdaithe seo in aois oibre pinsin agus seirbhísí cúraim sláinte an chohóirt pinsinéirí atá ag méadú go tapa, rud a bheidh ina dhúshlán d'inbhuanaitheacht agus do leordhóthanacht na gcóras pinsean[2]. Chun an fás eacnamaíoch a chothú, tá sé tábhachtach infheistiú i scileanna chun fás táirgiúlachta a chur chun cinn agus an fórsa saothair atá ar fáil a úsáid ina iomláine trí mhná agus grúpaí atá faoi thearcionadaíocht faoi láthair a chomhtháthú ann, go háirithe daoine óga, daoine scothaosta agus daoine faoi mhíchumas, agus chun an imirce dleathach a mheabhrú, i gcás ina measfar gurb iomchuí sin, chun an laghdú ar an daonra atá in aois oibre a mhaolú, agus inniúlachtaí náisiúnta á n-urramú ag an am céanna.

---

[2] Parlaimint na hEorpa, mionanailís: *Demographic outlook for the European Union 2019* [Ionchas déimeagrafach don Aontas Eorpach, 2019].

8. Léirítear go soiléir i dtreochtaí déimeagrafacha san Aontas go bhfuil an daonra ag aosú, toisc go bhfuil na rátaí torthúlachta i bhfad níos ísle, i gcásanna áirithe, ná an leibhéal athsholáthair, is é sin, 2.1[3]. Tá beagnach aon chúigiú (19.7 %) de dhaonra iomlán an Aontais os cionn 65 bliana d'aois, agus meastar gurb ionann an cohórt sin agus 28.5 % den daonra iomlán faoin mbliain 2050[4]. Is léiriú é sin ar an méadú seasta atá ag teacht ar an gcóimheas cleithiúnais. Cé go ngabhann dúshláin le haosú na sochaí, is amhlaidh a ghabhann deiseanna leis freisin le haghaidh forbairt eacnamaíoch agus shóisialta agus le haghaidh na sochaí ina hiomláine. D'fhéadfadh sé ról tábhachtach a imirt i gcruthú post agus i dtacú le gníomhaíochtaí in earnálacha éagsúla. Tiocfaidh deiseanna nua chun cinn sna geilleagair scothaoise agus chúraim de réir mar a bheimid ag maireachtáil níos faide agus níos sláintiúla a bhuí le dul chun cinn sa leigheas agus i gcúram sláinte poiblí, sa tslándáil shóisialta agus i ndíothú na bochtaineachta, i measc réimsí eile. Gan trácht ar an tábhacht eacnamaíoch a bhaineann leis, ba cheart féachaint ar an "ngeilleagar scothaoise" mar léiriú ar dhul chun cinn sóisialta agus cultúrtha agus ba cheart a shamhlú leis gur féiniúlacht atá dearfach agus cuimsitheach ón taobh sóisialta de é do dhaoine scothaosta san Eoraip. Táthar le féachaint ar mhéaduithe ar ionchas saoil agus ar cháilíocht na beatha mar léiriú ar rath na samhla sóisialta laistigh de bhunluachanna an Aontais. Ceann de na chéad chuspóirí maidir le haosú daoine, mar sin, is ea díriú ar bheartais atá dea-spriocdhírithe agus ar chóras cúraim sláinte a chur ar fáil atá iomchuí ó thaobh aoise de ar feadh an tsaoil, go háirithe i gcás cleithiúnaithe.

9. Is cuid luachmhar den tsochaí iad daoine scothaosta agus, dá bhrí sin, ba cheart dóibh, daoine faoi mhíchumas san áireamh, a bheith in ann páirt éifeachtach a ghlacadh sa tsochaí a mhéid is féidir agus a saol a chaitheamh le dínit agus chomh neamhspleách agus is féidir. Mar thoradh ar na treochtaí déimeagrafacha, lena n-áirítear mear-aosú an daonra agus an méadú ar ionchas saoil, tiocfaidh méadú ar an ngá a bheidh le sláinte agus folláine a chur chun cinn agus le cúram fadtéarmach, agus ar an mbrú a bheidh ar chórais cúraim sláinte agus pinsean san Eoraip. Ba cheart féachaint ar an dúshlán sin mar dheis le haghaidh seirbhísí nua, poist nua agus cineálacha nua comhair a fhorbairt agus le haghaidh forbairt shóisialta. Is féidir le teicneolaíocht inrochtana leasa agus leis an digitiú cabhrú leis na dúshláin sin a shárú.

---

**3** Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: *A Strong Social Europe for Just Transitions* [Eoraip Shóisialta Láidir le haghaidh Aistriú Cóir], an 14 Eanáir 2020.

**4** *Ageing Europe, Looking at the lives of older people in the EU* [Eoraip atá ag Aosú, Breathnú ar shaol daoine scothaosta san Aontas Eorpach], Eagrán na bliana 2019.

10. Baineann ríthábhacht le cuimsiú gníomhach daoine óga sa mhargadh saothair agus sa tsochaí. D'fhéadfadh sé tarlú go mbíonn leochaileacht faoi leith ag baint le daoine óga i ngeall ar na nithe a leanas; an idirthréimhse saoil ina mbíonn siad, easpa taithí ghairmiúil nó easpa bunscileanna, oideachas nó oiliúint neamh-leordhóthanach, cumhdach teoranta cosanta sóisialta, rochtain theoranta ar acmhainní airgeadais, agus a ndálaí neamhchinnte oibre[5].

11. Is saothar fadtéarmach é leanaí a thógáil agus, chun go n-éireoidh le beartais dhéimeagrafacha, ní mór na beartais sin a bheith iontaofa agus seasmhach. Is féidir le hinfheistíocht in oideachas agus cúram luathóige atá inacmhainne agus ar ardchaighdeán rannchuidiú le hathnuachan dhéimeagrafach agus mórthorthaí dearfacha a bheith aici, go háirithe le haghaidh leanaí atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch agus, ar an mbealach sin, is féidir leis an infheistíocht sin cabhrú leis an bhfórsa saothair amach anseo a dhéanamh níos athléimní in aghaidh dúshláin dhéimeagrafacha agus cabhrú le torthaí sóisialta níos fearr a bhaint amach ar feadh an tsaoil.

12. Maidir le spriocanna Barcelona i dtaca leis an bhfáil ar shaoráidí cúraim leanaí atá inacmhainne agus ar ardchaighdeán do leanaí réamhscoile (go mbeadh 90% de leanaí ó thrí bliana d'aois go haois éigeantach scoile agus 33% de leanaí faoi bhun trí bliana d'aois páirteach i saoráidí cúraim leanaí), ba cheart na spriocanna sin a shaothrú tuilleadh i mBallstáit atá ag titim ar gcúl d'fhonn cóineasú aníos a áirithiú.

13. Ba cheart beartais phoiblí a dhearadh chun go gcruthófar na dálaí, *inter alia* an timpeallacht eacnamaíoch, a chumasóidh daoine aonair agus teaghlaigh na leanaí is mian leo a bheith acu, cáilíocht saoil níos fearr a bheith acu, saol slán a chaitheamh agus cothromaíocht a bhaint amach idir freagrachtaí oibre, freagrachtaí teaghlaigh agus freagrachtaí cúraim.

14. Is é an aidhm atá leis an Treoir maidir le Cothromaíocht Oibre is Saoil a foilsíodh sa bhliain 2019 comhionannas a bhaint amach idir mná agus fir maidir leis na deiseanna a thugtar dóibh sa mhargadh saothair agus leis an gcaoi a gcaitear leo ag an obair, trí chabhrú le freagrachtaí oibre, freagrachtaí saoil teaghlaigh agus freagrachtaí cúraim a chothromú d'oibrithe ar tuismitheoirí nó cúramóirí iad agus trí chomhroinnt chothrom na bhfreagrachtaí sin a chur chun cinn, mar a chumhdaítear freisin i bprionsabal 9 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta.

---

**5** Moladh ón gComhairle an 22 Aibreán 2013 maidir le Ráthaíocht don Aos Óg a bhunú - 2013/C 120/01.

15. Mar thoradh ar an uirbiú, ar dheiseanna neamhleora poist, ar ioncaim ísle agus ar sheirbhísí easnamhacha, tá laghdú ag teacht ar an daonra i gcuid mhaith ceantar tuaithe agus ar na hoileáin, rud a mhéadaíonn an deighilt uirbeach/tuaithe, agus a fhágann nach mór straitéis chomhtháite a ghlacadh chun dlús a chur le forbairt inbhuanaithe na réigiún sin, bunaithe ar an bpoitéinseal sonrach atá iontu.

16. Trí naisc iompair a fheabhsú agus tríd an iompar poiblí a fhorbairt a thuilleadh, cuirtear ar chumas daoine gluaiseacht go saor agus tugtar aghaidh ar bhearnaí nascachta agus méadaítear comhtháthú sóisialta dá bharr sin.

17. Gabhann le hathrú déimeagrafach an deis chun córais pinsean, córais cúram sláinte agus córais cúraim fhadtéarmaigh a oiriúnú. Aosú gníomhach agus sláintiúil, a fhaigheann tacaíocht ó chórais éifeachtúla cúraim sláinte, samhlacha cúraim atá solúbtha, leordhóthanach agus saincheaptha mar aon le hinfhostaitheacht an daonra atá ag aosú, tá siad sin ar fad fíor-riachtanach maidir le hinbhuanaitheacht córas slándála sóisialta agus cúraim a áirithiú. Baineann ríthábhacht le cumhdach, inrochtaineacht, leordhóthanacht agus inbhuanaitheacht fheabhsaithe chun córais cosanta sóisialta[6] a nuachóiriú agus an teacht aniar a bhíonn iontu tráth géarchéime sa chóras sláinte nó sa chóras sóisialta, amhail paindéim dhomhanda COVID-19, a neartú.

18. San am i láthair, tá an tAontas ag druidim le sochaithe níos oilte a chaitheann saol níos faide agus a bhfuil torthúlacht níos ísle acu. Is féidir léargas cuimsitheach, cruinn agus fianaisebhunaithe ar an staid reatha agus réamh-mheastacháin don todhchaí a fháil trí scrúdú a dhéanamh ar shonraí ar imirce, ar thorthúlacht agus ar mhortlaíocht[7], mar aon le leibhéal oideachais agus leibhéil iarbhír scileanna, rátaí rannpháirtíochta san fhórsa saothair agus táscairí sochdhéimeagrafacha eile. Agus beartais fhianaisebhunaithe á gceapadh, teastaíonn sonraí bailí, ábhartha agus tráthúla atá imdhealaithe de réir gnéis agus aoise. Uirlis fhíor-riachtanach le beartais dhéimeagrafacha a cheapadh agus le meastóireacht a dhéanamh ar a dtorthaí is ea sonraí a thugtar cothrom le dáta go leanúnach ar phróisis dhéimeagrafacha agus ar na tosca a théann i bhfeidhm orthu, mar aon le sonraí ar na riachtanais shonracha agus na sainroghanna pearsanta sonracha atá ag mná agus fir i ngach aoisghrúpa.

19. Agus beartais dhéimeagrafacha á ndearadh, tá géarghá le comhordú agus comhar trasearnála idir seirbhísí sóisialta, teaghlaigh, sláinte, fostaíochta, oideachais agus cúraim, lena n-áirítear gach earnáil eacnamaíoch, agus aird á tabhairt ar na dálaí eacnamaíocha atá i ngach Ballstát.

6 Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht - 6346/20.
7 https://ec.europa.eu/eurostat/web/population/overview

20. Chun go mbeadh rath ar na beartais sin, ní mór féachaint le comhordú agus comhar éifeachtach ar gach leibhéal rialtais: rialtas náisiúnta, rialtas réigiúnach agus rialtas áitiúil, mar aon le rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta, na sochaí sibhialta agus na ngeallsealbhóirí ábhartha eile, agus iad ag obair i gcomhar lena chéile ar gach leibhéal chun go n-éireoidh leo.

**DE BHRÍ GUR FÍOR AN MÉID SEO A LEANAS**

21. Cuirtear i bhfios go láidir sa tústuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir le *Demographic challenges in the EU in the light of economic and development inequalities* [Dúshláin dhéimeagrafacha san Aontas Eorpach i bhfianaise neamhionannais eacnamaíocha agus forbartha] go mbaineann ríthábhacht le hoideachas**,** cúram agus cúnamh atá ar ardchaighdeán, inrochtana agus inacmhainne (do leanaí, do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine scothaosta) maidir le dul i ngleic le dúshláin dhéimeagrafacha agus maidir le tacú le fás daonra[8].

22. Is ábhartha go fóill atá an teachtaireacht a cuireadh in iúl faoi chuimsiú na Bliana Eorpaí um Aosú Gníomhach (2012) gur féidir le dlúthpháirtíocht idir na glúine an dúshlán a ghabhann le haosú daonra a sheasamh.

23. Sna Conclúidí ón gComhairle maidir le Geilleagar na Dea-Bhaile (2019), tarraingítear aird ar roinnt gnéithe atá tábhachtach maidir le hathléimneacht ár ngeilleagar agus ár sochaithe agus maidir lena rathúnas amach anseo, lena n-áirítear oideachas agus oiliúint atá inrochtana agus ar ardchaighdeán, foghlaim ar feadh an tsaoil, beartais chothroma oibre is saoil, córais chosanta sóisialta atá leordhóthanach agus inbhuanaithe, rochtain ar sheirbhísí, digitiú agus forbairtí eile teicneolaíochta,

**DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID A LEANAS**

**IARRANN SÍ ar na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:**

24. Creat chun beartais dhéimeagrafacha A FHORBAIRT agus A THABHAIRT COTHROM LE DÁTA i gcomhar leis na comhpháirtithe sóisialta, leis an tsochaí shibhialta agus le geallsealbhóirí ábhartha eile, de réir na n-inniúlachtaí atá acu;

---

**8** https://www.eesc.europa.eu/en/our-work/opinions-information-reports/opinions/demographic-challenges-eu-light-economic-and-development-inequalities-exploratory-opinion-request-croatian-presidency.

25. AGHAIDH A THABHAIRT AR na neamhréireanna atá ann anois agus a bheidh ann amach anseo idir an soláthar saothair agus an t-éileamh ar shaothar, ós rud é go bhfuil an claochlú digiteach, an domhandú agus athruithe déimeagrafacha ag dul i bhfeidhm ar éilimh sa mhargadh saothair trí phoist a bheith á gcruthú agus á scriosadh agus trí chineál na ngairmeacha beatha atá ann faoi láthair a bheith á athrú, agus aird á tabhairt ar thionchar na n-athruithe déimeagrafacha ar na próisis margaidh saothair chun leas a bhaint as tairbhí an chlaochlaithe dhigitigh agus an domhandaithe ar mhaithe le deiseanna nua poist a chruthú ar fud na réigiún uile;

26. An feabhas ar leibhéil scileanna a MHOLADH trí oideachas agus oiliúint atá inacmhainne, inrochtana agus cuimsitheach agus freisin trí fhoghlaim ar feadh an tsaoil, lena n-áirítear scileanna digiteacha, chun cabhrú le rochtain ar an margadh saothair a mhéadú agus le fás eacnamaíoch, cuimsiú sóisialta agus sásamh pearsanta a chothú, do mhná agus d'fhir araon;

27. Gnóthú scileanna san eolaíocht, sa teicneolaíocht, san innealtóireacht agus sa mhatamaitic (STEM) a MHOLADH agus a CHUR CHUN CINN, spreagadh a thabhairt do dhaoine óga, go háirithe do mhná óga, gairmeacha STEM a shaothrú, agus infheistiú san oideachas agus san oiliúint, sa taighde, sa nuálaíocht agus san intleacht shaorga, nithe a chuideoidh leis an Aontas aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhéimeagrafacha agus ar féidir leo táirgiúlacht a mhéadú, fás eacnamaíoch a chothú d'ainneoin an laghdaithe atá ag teacht ar an daonra in aois oibre agus poist ar ardchaighdeán a mheallfaidh daoine cumasacha a chruthú;

28. Feasacht a MHÉADÚ ar an tábhacht a bhaineann le mná agus grúpaí atá faoi thearcionadaíocht, go háirithe daoine óga, oibrithe scothaosta agus daoine faoi mhíchumas, a chuimsiú, agus le rannpháirtíocht sa mhargadh saothair a fheabhsú i gcás gach aoise agus grúpa chun cabhrú le maolú a dhéanamh ar éifeachtaí an aosaithe dhéimeagrafaigh ar inbhuanaitheacht córas cosanta sóisialta agus comhionannas a chur chun cinn;

29. Beartais chuimsitheacha shóisialta agus saothair atá bunaithe ar chomhdheiseanna, go háirithe beartais chothromaíochta oibre is saoil, A CHUR CHUN FEIDHME trí rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair a chur chun cinn, mar aon le socruithe solúbtha oibre do mhná agus fir araon, soláthar seirbhísí cúraim leanaí agus cúraim fhadtéarmaigh atá inrochtana, inacmhainne agus ar ardchaighdeán agus comhroinnt chothrom freagrachtaí teaghlaigh agus freagrachtaí cúraim idir mná agus fir chun, tuismitheoirí nó daoine a bhfuil freagrachtaí cúraim orthu a chumasú le páirt a ghlacadh san fhórsa saothair agus sa tsochaí;

30. DUL i dtreo an prionsabal um pá comhionann as obair ar luach comhionann a chur chun feidhme agus a áirithiú do mhná agus fir chun na bearnaí inscne a mhaolú ó thaobh fostaíochta, pá, agus pinsin;

31. Infheistíocht i leanaí A MHOLADH mar gurb é an cineál infheistíochta sóisialta a bhainfidh an toradh is airde amach sa todhchaí é. Áirítear leis sin iarrachtaí ar thimthriall na bochtaineachta a bhriseadh ó ghlúin go glúin trí infheistíochtaí spriocdhírithe a úsáid chun bochtaineacht leanaí a laghdú;

32. Beartais leordhóthanacha chomhordaithe A CHUR CHUN CINN agus A CHUR I dTREIS, ar beartais iad lena soláthraítear cineálacha éagsúla tacaíochta airgeadais agus tacaíochta eile do theaghlaigh, go háirithe dóibh sin atá ag tógáil clainne (e.g. saoire íoctha, liúntais linbh, córais iomchuí cánach agus sochair, réitigh thithíochta a dtugtar fóirdheontas ina leith agus tacaíocht do mhic léinn), lena n-áirítear réitigh nuálacha;

33. BÉIM A LEAGAN ar an tábhacht a bhaineann le dlúthpháirtíocht idir na glúine, aosú gníomhach agus sláintiúil A CHUR CHUN CINN agus rochtain A FHÁIL ar an tacaíocht a theastaíonn don daonra atá ag aosú agus dá teaghlach, lena n-áirítear inoiriúnaitheacht spásanna maireachtála, ríomhsheirbhísí sláinte agus intleacht shaorga, mar gheall ar an tionchar atá acu sin ar aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le haosú agus le cailliúint neamhspleáchais;

34. TREISIÚ LEIS an bhfeasacht atá ag an daonra ar na cearta atá ag daoine scothaosta chun saol atá neamhspleách, díniteach agus féinchinnte a chaitheamh agus ar an gceart atá acu chun rannpháirtíochta sóisialta, in amanna géarchéime freisin, amhail an phaindéim dhomhanda reatha COVID-19, agus aosú sláintiúil agus gníomhach á chur chun cinn, infheistíocht á déanamh i gcosaint shóisialta agus aird á tabhairt ar gach bealach ar chóir dhearfach na ndaoine scothaosta;

35. Cearta na ndaoine scothaosta faoi mhíchumas a CHOTHÚ, agus dálaí maireachtála cuibhiúla agus rannpháirtíocht iomlán i saol an phobail á n-áirithiú, agus INIÚCHADH A DHÉANAMH AR an gcomhoiriúnacht idir pinsin mhíchumais agus pinsin scoir;

36. AGHAIDH A THABHAIRT AR na dúshláin agus LEAS A BHAINT AS na deiseanna a eascraíonn as éileamh méadaitheach ar chúram fadtéarmach de bharr daoine a bheith ag aosú agus INIÚCHADH A DHÉANAMH AR dhóigheanna ar féidir digitiú agus teicneolaíocht leasa a chomhtháthú i seirbhísí cúraim ar bhealach níos fearr chun feabhas a chur ar an rochtain ar sheirbhísí agus ar sholáthar seirbhísí;

37. CINNEADH A DHÉANAMH AR na limistéir agus na réigiúin a bhféadfadh go mbeadh idirghabháil ag teastáil uathu maidir le hinrochtaineacht iompair toisc gurb amhlaidh, i mórán cásanna, go bhfágann easpa rochtana ar an gcóras iompair go bhfuil easpa rochtana ann ar oideachas agus oiliúint ar ardchaighdeán, ar chultúr, ar mhargaí saothair nó ar sheirbhísí cúraim sláinte;

38. A ÁIRITHIÚ, i bhfianaise imthosca náisiúnta, go mbeidh rochtain ar chosaint shóisialta leordhóthanach ann do gach oibrí agus, faoi dhálaí inchomparáide, do dhaoine féinfhostaithe[9][10];

39. A MARANA A DHÉANAMH, i gcás ina meastar gurb iomchuí sin, ar an imirce dhleathach mar bhealach chun an laghdú atá ag teacht ar líon na ndaoine atá in aois oibre a mhaolú, agus inniúlachtaí náisiúnta á n-urramú ag an am céanna;

**IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún Eorpach an méid seo a leanas a dhéanamh, de réir a n-inniúlachtaí faoi seach, agus aird á tabhairt ar imthosca náisiúnta agus ról agus neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta á n-urramú:**

40. Cur chun feidhme phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta A CHUR CHUN CINN mar chéim riachtanach i dtreo comhdheiseanna agus i dtreo rochtain ar an margadh saothair, ar dhálaí cothroma oibre, ar chosaint shóisialta agus ar chuimsiú sóisialta;

41. Idirghabhálacha beartais atá fianaisebhunaithe agus éifeachtach A CHUR CHUN FEIDHME ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin chomhchoiteanna a eascraíonn as an athrú déimeagrafach, lena n-áirítear an fháil ar chúram fadtéarmach ar ardchaighdeán agus inbhuanaitheacht agus leordhóthanacht córas cosanta sóisialta;

42. AGHAIDH A THABHAIRT AR éagothromaíochtaí i soghluaisteacht laistigh den Aontas chun comhtháthú sóisialta a fheabhsú agus chun go bhfónfadh imirce daoine oilte mar chúrsaíocht daoine oilte nó inimirce daoine oilte agus uasoiliúint agus athoiliúint an fhórsa saothair A SHAOTHRÚ, agus cineál dinimiciúil an mhargaidh saothair agus bunathrú comhshaoil, teicneolaíochta agus déimeagrafach á gcur san áireamh chun dul i ngleic le héagothromaíochtaí réigiúnacha, le bánú na tuaithe agus le dúshláin uirbeacha;

---

[9] Moladh ón gComhairle an 8 Samhain 2019 maidir le rochtain ar chosaint shóisialta d'oibrithe agus do dhaoine féinfhostaithe (2019/C 387/01).

**10** Colún Eorpach na gceart sóisialta.

43. FEABHAS A CHUR AR an mbonn eolais agus ar an tuiscint ar "an ngeilleagar scothaoise" agus feasacht A MHÉADÚ ar an tábhacht a bhaineann leis agus ar na deiseanna a ghabhann lena thionchar dearfach foriomlán, rud ba cheart a bheith bunaithe ar chothromaíocht idir riachtanais eacnamaíocha agus riachtanais an duine;

44. SPREAGADH A THABHAIRT do réitigh nuálacha lena n-éascaítear rannpháirtíocht daoine scothaosta sa tsochaí agus sa mhargadh saothair de réir a n-inniúlachtaí agus a mianta agus lena dtugtar breisluach don rannpháirtíocht sin, agus lena dtugtar misniú agus tacaíocht d'aosú sláintiúil agus gníomhach ar fud na mbeartas uile, agus na cearta atá ag daoine scothaosta faoi mhíchumas A CHUR CHUN CINN;

45. MÉADÚ A DHÉANAMH AR an bhfáil ar sheirbhísí sóisialta, teaghlaigh, sláinte, fostaíochta, oideachais, tithíochta, cúraim agus iompair atá inacmhainne agus ar ardchaighdeán agus, i gcás inarb iomchuí, atá comhtháite, ar seirbhísí iad ar féidir leo a bheith ina dtosca tábhachtacha maidir leis an deighilt uirbeach/tuaithe a mhaolú;

46. CUR LEIS an gcumas chun maolú a dhéanamh ar dhúshláin dhéimeagrafacha nua a d'fhéadfadh teacht as ráig phaindéim dhomhanda COVID-19, agus athléimneacht na sochaí A ÁIRITHIÚ;

47. FIOSRÚ A DHÉANAMH AR an dul chun cinn atá á dhéanamh ar chur chun feidhme an Treochláir Eorpaigh Chomhpháirtigh i dtreo Eoraip atá níos athléimní, níos inbhuanaithe agus níos cothroime[11], ar mhaithe le straitéis chomhordaithe chuimsitheach a cheapadh chun an chéim reatha de phaindéim dhomhanda COVID-19 a shárú, agus comhordú straitéisí eacnamaíocha A NEARTÚ, chun téarnamh gníomhaíochtaí táirgthe agus feidhmiú na margaí saothair a bhaint amach;

**IARRANN SÍ ar an gCoimisiún Eorpach an méid seo a leanas a dhéanamh:**

48. Bonn comhchoiteann agus acmhainn idirghníomhach ar fud an Aontais A FHORBAIRT A THUILLEADH d'fhonn sonraí atá tráthúil, comhsheasmhach, iontaofa, inchomparáide agus inrochtana, agus atá imdhealaithe de réir gnéis agus aoise, a fháil chun aghaidh a thabhairt ar fhorbairtí déimeagrafacha, agus TACÚ LE beartais náisiúnta a bhfuil mar aidhm leo dul i ngleic le dúshláin dhéimeagrafacha, agus na réamh-mheastacháin dhéimeagrafacha agus na tionchair shainaitheanta a bheidh ag athruithe déimeagrafacha ar shochaí na hEorpa á gcur san áireamh, ar nithe iad a mbaineann tábhacht ar leith leo i bhfianaise an téarnaimh as COVID-19;

11 https://ec.europa.eu/info/sites/info/files/communication_-_a_european_roadmap_to_lifting_coronavirus_containment_measures_0.pdf

49. TUILLEADH SONRAÍ A THABHAIRT, i gcás inarb ábhartha, faoi straitéis iomchuí dhifreáilte, lena n-áirítear cistiú Eorpach spriocdhírithe féideartha, do na Ballstáit, dá limistéir thuaithe, dá n-oileáin agus do na réigiúin eile a bhfuil titim sa daonra ag dul i bhfeidhm go mór orthu, go háirithe i gcás inar eascair sé sin as deiseanna fostaíochta, seirbhísí nó naisc iompair a bheith in easnamh, ar straitéis í atá saincheaptha chun daoine a mhealladh chuig na réigiúin sin;

50. A ÁIRITHIÚ go mbeidh measúnuithe cuimsitheacha tionchair dhéimeagrafaigh agus críche ag gabháil le gach togra beartais agus tionscnamh beartais, ar measúnuithe iad a dhéantar go comhuaineach le measúnuithe tionchair eacnamaíoch, comhshaoil agus shóisialta, agus é mar chuspóir leo na réigiúin atá ag titim ar gcúl a dhéanamh níos bríomhaire agus níos tarraingtí, rud a chuirfidh le comhtháthú sóisialta agus críche an Aontais;

51. TOSÚ AR mhachnamh cuimsitheach a dhéanamh ar aosú an daonra agus ar na himpleachtaí uile a ghabhann leis, lena n-áirítear a éifeachtaí fadtéarmacha ar gheilleagar agus ar shochaí an Aontais, agus tionscnaimh nithiúla a sheoladh ina dhiaidh sin, agus aird chuí á tabhairt ar inniúlacht na mBallstát, ar mhaithe leis an dúshlán sin a iompú ina dheiseanna nua agus, ar an mbealach sin, féachaint le fás eacnamaíoch agus córais cosanta sóisialta atá cuimsitheach agus inbhuanaithe a áirithiú san fhadtéarma;

52. Straitéis chúraim fhadtéarmach shoiléir A MHOLADH, ar straitéis í a mbeidh mar aidhm léi rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair a mhéadú chun fás eacnamaíoch atá cuimsitheach agus neamh-idirdhealaitheach a chothabháil agus maolú a dhéanamh ar na rioscaí agus na brúnna ar an airgeadas poiblí agus ar chaiteachas sóisialta i gcoitinne de bharr aosú an daonra, agus an chothromaíocht idir an saol oibre agus saol an teaghlaigh á cur san áireamh;

53. Togra le haghaidh Ráthaíocht Eorpach i dtaobh Leanaí A SHOLÁTHAR ar bhealach tráthúil;

54. A MHOLADH go n-ainmneofaí an bhliain 2023 mar an Bhliain Eorpach um bochtaineacht leanaí a chomhrac;

55. A ÁIRITHIÚ go ndéanfaidh infheistíochtaí a dhéantar trí chistí ón Aontas rannchuidiú inláimhsithe chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhéimeagrafacha ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal réigiúnach, agus aird á tabhairt ar shoghluaisteacht laistigh den Aontas, trí shainaithint a dhéanamh ar ghníomhartha sonracha lena maolaítear na tionchair is géire atá ag treochtaí déimeagrafacha agus trí mhodhanna a chruthú le dea-chleachtais a chomhroinnt chun go mbeidh geallsealbhóirí ábhartha in ann foghlaim ó eispéiris na ngeallsealbhóirí eile;

56. A ÁIRITHIÚ go gcuirfear dúshláin dhéimeagrafacha san áireamh go hiomchuí sa Seimeastar Eorpach, go háirithe i dtaca leis an tionchar atá acu ar an ngeilleagar agus ar chórais cosanta sóisialta, agus aird á tabhairt ar na comhthéacsanna ar leith atá ann i ngach Ballstát;

**IARRANN SÍ ar an gCoiste Fostaíochta agus ar an gCoiste um Chosaint Shóisialta an méid seo a leanas a dhéanamh:**

57. FÉACHAINT LE tacair leordhóthanacha táscairí déimeagrafacha, atá imdhealaithe de réir gnéis agus aoise, a fhorbairt agus a thabhairt cothrom le dáta trí leas a bhaint as na tacair sin atá in úsáid faoi láthair, agus tacair nua A FHORBAIRT i gcás inar gá, trí thagairt a dhéanamh do chomhtháthú an mhargaidh saothair agus do chomhtháthú socheacnamaíoch agus i gcomhar, i gcás inarb infheidhme, le comhlachtaí ullmhúcháin ábhartha eile de chuid na Comhairle a bhfuil inniúlacht acu i réimse na heacnamaíochta agus an airgeadais go háirithe;

58. A MHOLADH go malartófaí dea-chleachtais i measc na mBallstát chun dul i ngleic le dúshláin dhéimeagrafacha, trí thagairt a dhéanamh do chomhtháthú an mhargaidh saothair agus do chomhtháthú socheacnamaíoch;

**IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar an gCoiste Cosanta Sóisialta an méid seo a leanas a dhéanamh:**

59. Staidéar A DHÉANAMH ar an tionchar atá ag forbairtí déimeagrafacha ar leordhóthanacht na bpinsean agus an chúraim fhadtéarmaigh.